

Nótaí: Srath Pictiúir

Srath 1

Pictiúr 1: Tá beirt daoine óga (buachaill agus cáilín) sa chéad phictiúr. Ceapaim go bhfuil siad thart ar chúig bliana déag d'aois. Tá siad ina suí ag an mbord sa seomra suí. Tá pictiúr de phlanda ar an mballa chomh maith le clog. Tá sé a cúig a chlog. Tá lampa sa chúinne freisin. Tá éadaí scoile á caitheamh acu. Tá geansaí, léine, bríste agus carbhat orthu. **Is dóigh liom go bhfuil obair bhaile á déanamh ag an mbeirt acu. Tá an cuma ar an mbeirt go bhfuil siad ag obair go dian.**

Pictiúr 2: Tá sé a leathuair tar éis a cúig. Freagraíonn an cailín an fón. Tá cara léi ar an bhfón **agus insíonn sí di** go bhfuil an Bee Movie ar siúl sa phictiúrlann **áitiúil. Tugann sí cuireadh** chuig an scannán don bheirt acu. Ceapaim go bhfuil an cáilín sásta agus go ndeir sí lena cara gur bhreá leo dul chuig an bpictiúrlann in éineacht léi. **Glacann sí leis an gcuireadh.** Leanann an buachaill ar aghaidh lena chuid oibre.

Pictiúr 3: Suíonn an cailín síos ós comhair an ríomhaire sa tríú pictiúr. Scríobhann sí ríomhphoist chuig a máthair. Seo cad a scríobhann sí:

A Mham,

Tá mise agus Colm ag dul go dtí an phictiúrlann sa bhaile mór. Beimid ar ais ar a naoi a chlog,

Le grá,

Aoife.

Pictiúr 4: Sa ceathrú phictiúr tá an beirt ag caitheamh cotaí agus éadaí don gheimhreadh agus buaileann siad lena gcara **taobh amuigh den** phictiúrlann. **Breathnaíonn** na daoine óga sona sásta agus tá an triúr ag caint agus ag gáire nuair a shiúlann siad i dtreo oifig na dticéad.

Srath 2

Pictiúr 1: Is cailín ard dathúil í Aoife. Tá gruaig fhionn dhíreach uirthi agus **tá éadaí áille á gcaitheamh aici**. Tá sí ag caitheamh t-léine le bláth air, sciorta agus bróga dubha. **B'fheidir go bhfuil an suim aici i gcúrsaí faisin**. Buaileann a cara, Cian cloigín an dorais agus osclaíonn Aoife an doras dó. Is léir go bhfuil áthas uirthi a cara a fheiceáil mar tá **miongháire ar a haghaidh** agus tá Cian sásta freisin. Buachaill ard tanaí is ea Cian. Tá gruaig dhubh ghearr air agus tá sé dathúil freisin. Tá t-léine dubh agus bríste deinim á gcaitheamh ag Cian agus bróga reatha freisin. Ligeann Aoife isteach sa teach é.

Pictiúr 2: Sa dara pictiúr ta an bheirt acu ina suí ar cathaoireacha uilleann sa seomra suí. Tá an seomra go hálainn, **Tá vása costasach ar an mbord caife** agus tá an-chuid leabhar sa leabhragán. Tá teilifís mór sa chúinne chomh maith le pictiúr de bhád ar an mballa. **Tugann Cian cuireadh d'Aoife dul go dtí dioscó** leis an oíche sin. Tá cuma an sásta ar Aoife agus **glacann sí leis an gcuireadh go fonnmhar**.

Pictiúr 3: Sa tríú pictiúr míníonn Aoife do Cian nach bhfuil a tuismitheoirí sa bhaile agus go gcaithfidh sí nóta a fhágáil dóibh sula n-imeoidh siad chuig an dioscó.

Pictiúr 4: **Is léir ón gceathrú pictiúr** go bhfuair Aoife peann agus píosa páipéir agus gur scríobh sí nóta dá tuismitheoirí. Scríobh sí go raibh sí imithe chuig an dioscó sa chlub óige le Cian. Deir sí go bhfillfidh sí abhaile ar a deich a chlog. **Breathnaíonn Cian sona sásta. Is dócha go n-imíonn siad go dtí an dioscó le chéile ansin**.

Srath 3

Pictiúr 1: **Lá deas atá ann i lár an earraigh.** Tá beirt daoine óga darb ainm Liam agus Aoife ar shiúlóid faoin tuath. Tá gruaig dhubh ar Liam agus gruaig fhionn ar Aoife. Tá seaicéid agus bríste deinim á gcaitheamh ag an mbeirt acu agus **tá mála droma acu.** Sroicheann siad loch beag. **Is áit iargúlta í** agus tá fógra ar an mbruach ag rá go bhfuil an loch an dainséarach. Tá **fear meánaosta** a bhfuil **gruaig dhubh chatach** agus **féasóg air ina shuí i mbád beag atá ar an gcaire.** Tá seaicéad tarrthála a chaitheamh aige freisin.

Pictiúr 2: Sa dara pictiúr is léir go mbeartaíonn an bheirt acu dul ag snámh sa loch. Cuireann siad a n-eadaí snámha orthu. Tosaíonn an bheirt acu ag snámh. Tá siad an sásta sa loch. Tosaíonn Liam ag snámh amach sa loch ach tá **Aoife níos ciallmhaire** agus snámhann sí in aice le bruach an locha. **B'fhéidir nach bhfeiceann siad an fógra dainséarach ar an taobh eile den loch.**

Pictiúr 3: **Tá Liam i gceartlár an locha sa tríú pictiúr.** Tá sé i **bponc.** Tá an t-uisce an domhain i lár an locha agus ní féidir le Liam snámh ann. Tá eagla an domhain air agus screadann sé in ard a chinn is a ghutha.....Cabhair!! Cabhair!! . **Ar ámharaí an tsaoil,** cloiseann an bádóir é.

Pictiúr 4: Ní dheánann bádóir moill. **Beireann sé ar a mhaidí rámha** agus tosaíonn sé ag rámhaíocht i dtreo Liam. Sroicheann an bádóir Liam agus seasann se suas sa bhád. **Beireann sé greim ar lámha Liam agus tarraingíonn isteach sa bhád é.** Tá slua daoine ag féachaint ar an eachtra ó bhruach an locha. Tagann Liam as an mbád **agus tá a fhios aige go raibh an t-ádh dearg air.** Tá áthas an domhain ar Aoife go bhfuil Liam ceart go leor.

Srath 4

Pictiúr 1: Sa chéad phictiúr tá beirt daoine óga ag siopadóireacht san ionad siopadóireachta. Aoife agus Eoin is ainm dóibh. **Breathnaíonn siad sona sásta le chéile.** Tá gruaig fhionn ar an mbeirt acu agus tá éadaí deinim á gcaitheamh acu chomh maith le bróga reatha. **Tá mála láimhe dubh ag Aoife.**

Tá se a trí a chlog agus tá an beirt acu ag féachaint ar earraí leictreacha i siopa crua-earraí Uí Mhurchú. Tá teilifís, seinnteoir dlúthdhioscaí agus raidió san fhuinneog. Tá an seinnteoir dlúthdhioscaí ochtó euro agus tá an raidió caoga euro. Tá beirt seanfhear ag caint lena chéile ar bhinse taobh thiar dóibh.

Pictiúr 2: Sa dara phictiúr cloiseann siad cailín beag ag caoineadh in aice leo. **Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an cailín cailte.** (Tá an cailín cailte). Bríd is ainm don chailín beag agus tá sí ceithre bliana déag d'aois. Tá gruaig dhubh uirthi agus tá gúna , **geansaí stríocach, riteoga** agus bróga reatha bána á gcaitheamh aici. Tá Bríd bheag ag caoineadh agus tá cuma an-bhuartha uirthi.

Pictiúr 3: **Sa tríú pictiúr beireann Aoife agus Eoin ar lámha an chailín bhig agus téann siad go dtí an deasc eolais.** Tá bean ard thanaí ina seasamh ag an deasc agus tugann siad an t-eolas ar fad faoin gcailín di. **Fograíonn sí ar mhicreafón** go bhfuil cailín beag darb ainm Bríd atá ceithre bliana d'aois ag an deasc eolais. Tá an fógra le cloisteáil **ar an gcallaire** ar fud an ionaid siopadóireachta.

Pictiúr 4: Tá críoch shona leis an scéal seo. Chuala tuismitheoirí Bhríd an fógra ar an gcallaire. **Ba mhór an faoiseamh dóibh é nuair a chonaic siad Bríd bheag.** Tugann athair Bhríd fiche euro do Eoin agus Aoife. Tá tuirse ar Bhríd anois ach tá **miongháire mhór ar a haghaidh.** Tá sí slán anois i lámha an máthar.

Srath 5

Pictiúr 1: Sa chéad pictiúr tá Liam sa bhaile leis féin nuair a thagann Darragh go dtí an teach. **Cnagann Darragh ar an doras agus cloiseann Liam é.** Osclaíonn Liam an doras agus feiceann sé Darragh ina sheasamh ann. Tá an aimsir go breá agus tá t-léine bhan á gcaitheamh ag Liam agus tá ceann dubh ar Darragh. Tá gruaig fhionn ar Liam agus ta gruaig dhubh chatach ar Darragh. **Beannaíonn siad dá chéile** agus cuireann Darragh ceist ar Liam. Deir sé “an bhfuil Aoife istigh?”

Pictiúr 2: Sa dara pictiúr insíonn Liam do Darragh nach bhfuil Aoife sa bhaile. Ansin deir Liam nach bhfuil Aoife sa bhaile.

Pictiúr 3: Is léir ón tríú pictiúr gur thug Aoife cuireadh do Darragh dul go dtí dioscó. Bhí áthas ar Darragh an cuireadh a fháil uaithe ach ní bheidh sé ábalta dul léi. Mar sin scríobhann sé nóta chuig Aoife. Scríobhann sé an méid seo

“A Aoife

Ní bheidh mé ábalta dul go dtí an dioscó leat sa chlub óige. Caithfidh mé aire a thabhairt do mo dheartháir óg anocht.

Slán Darragh

Pictiúr 4: Sa ceathrú pictiúr iarrann Darragh ar Liam an nóta a thabhairt d’Aoife. “tabhair é sin d’Aoife le do thoil” arsa Darragh.

Fágann Darragh slán ag Liam agus imíonn sé abhaile.

Is dócha go dtugann Liam an nóta d’Aoife nuair a thagann sí abhaile níos déanaí.